Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Márta 2026**
**(OR. en)**

**6843/26**

**PECHE 71**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 3 Márta 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 95 final |
| Ábhar: | Moladh le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht thar ceann an Aontais Eorpaigh chun Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe, agus Prótacal Cur Chun Feidhme a ghabhfaidh leis, idir an tAontas Eorpach agus Oileán Mhuirís a thabhairt i gcrích |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 95 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 95 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 3.3.2026
COM(2026) 95 final

Moladh le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht thar ceann an Aontais Eorpaigh chun Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe, agus Prótacal Cur Chun Feidhme a ghabhfaidh leis, idir an tAontas Eorpach agus Oileán Mhuirís a thabhairt i gcrích**

{SWD(2026) 68 final}

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Molann an Coimisiún Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe nua, mar aon le Prótacal Cur Chun Feidhme a ghabhfaidh leis, a chaibidliú le hOileán Mhuirís, ar comhaontú é lena gcomhlíonfaí riachtanais chabhlach an Aontais agus a bheadh i gcomhréir le hAirteagail 28, 31 agus 32 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh (CBI)[1] agus leis na Conclúidí ón gComhairle an 19 Márta 2012 i dtaca le Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an ngné sheachtrach de CBI.

Dá gcuirfí Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe (CCII) in ionad an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh atá ann faoi láthair idir an tAontas Eorpach agus Oileán Mhuirís, léireofaí níos fearr na hathruithe a d'eascair as an athchóiriú a rinneadh ar CBI in 2013, go háirithe an bhéim mhéadaithe ar an inbhuanaitheacht.

### • Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana

Tháinig an Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh atá idir an tAontas Eorpach agus Oileán Mhuirís[2] faoi láthair i bhfeidhm an 28 Eanáir 2014 ar feadh tréimhse 6 bliana, agus tá sé in-athnuaite go hintuigthe ar feadh tréimhsí breise 3 bliana. Tháinig an Prótacal Cur Chun Feidhme[3] 4 bliana atá ann faoi láthair i bhfeidhm an 21 Nollaig 2022 agus rachaidh sé in éag an 21 Nollaig 2026. Socraítear leis an bprótacal na deiseanna iascaireachta a sholáthraítear do chabhlach an Aontais agus an ranníocaíocht airgeadais chomhfhreagrach a íocann an tAontas agus na longúinéirí. Moltar leis seo Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe nua, mar aon le Prótacal Cur Chun Feidhme a ghabhfaidh leis, a chaibidliú le hOileán Mhuirís.

An ranníocaíocht airgeadais phoiblí atá dlite ón Aontas d'Oileán Mhuirís ar bhonn bliantúil, is é atá inti EUR 275 000 le haghaidh rochtana, móide EUR 450 000 eile a chuirtear i leataobh go sonrach le haghaidh tacaíocht earnálach do bheartas iascaigh agus do bheartais ghaolmhara.

Leis an bPrótacal Cur Chun Feidhme atá ann faoi láthair a ghabhann leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh le hOileán Mhuirís, soláthraítear deiseanna iascaireachta lena ndírítear ar thuinníní agus ar speicis mhórimirceacha le haghaidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais ó cheithre Bhallstát (an Spáinn, an Fhrainc, an Iodáil agus an Phortaingéil).

Cuidíonn CCIInna le cuspóirí CBI a chur chun cinn go hidirnáisiúnta, agus áirithítear leo go bhfuil gníomhaíochtaí iascaireachta an Aontais lasmuigh d'uiscí an Aontais bunaithe ar na prionsabail agus na caighdeáin chéanna leis na prionsabail agus na caighdeáin is infheidhme faoi dhlí an Aontais. Ina theannta sin, cothaítear le CCIInna comhar eolaíoch idir an tAontas agus a chomhpháirtithe, cuirtear trédhearcacht agus inbhuanaitheacht chun cinn leo ar mhaithe le hacmhainní iascaireachta a bhainistiú ar bhealach níos fearr, agus neartaítear rialachas leo trí acmhainneacht a fhothú chun faireachán, rialú agus faireachas a dhéanamh ar

---

1. Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1954/2003 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 2371/2002 agus (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22).
2. http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2014/146/oj
3. http://data.europa.eu/eli/prot/2022/2585/oj

ghníomhaíochtaí cabhlach náisiúnta agus eachtrach, trí thacú leis an gcomhrac in aghaidh iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte, agus trí rannchuidiú le forbairt inbhuanaithe thionscal áitiúil na hiascaireachta. Le CCIInna, comhlánaítear ionstraimí eile de chuid an Aontais, lena n-áirítear an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt gus Comhar Idirnáisiúnta (ICFCI), chun acmhainneachtaí náisiúnta agus réigiúnacha maidir le bainistíocht iascaigh a neartú, agus bíonn siad ag brath ar dheiseanna atá ann cheana amhail an oiliúint a thairgeann an tAirmheán Comhpháirteach Taighde (JRC) agus an Ghníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach (EFCA). Le CCIInna, neartaítear seasamh an Aontais in eagraíochtaí iascaireachta idirnáisiúnta agus réigiúnacha: i gcás Oileán Mhuirís, agus go háirithe sa Choimisiún um Thuinníní an Aigéin Indiaigh (IOTC) agus i gComhaontú Iascaigh an Aigéin Indiaigh Theas (SIOFA). Tá líonra CCIInna déthaobhacha forbartha ag an Aontas Eorpach cheana féin san Aigéan Indiach, is é sin, leis na Séiséil agus le Madagascar.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

An chaibidlíocht maidir le Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe nua le hOileán Mhuirís, mar aon le Prótacal Cur Chun Feidhme a ghabhfaidh leis, tá sí i gcomhréir le gníomhaíocht sheachtrach an Aontais i leith Stáit san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin (ACC), agus tá sí i gcomhréir go háirithe le cuspóirí an Aontais maidir le prionsabail dhaonlathacha agus cearta an duine a urramú.

Ba cheart cur chun cinn na hoibre cuibhiúla a áirithiú trí bhíthin na caibidlíochta a mheastar a bheidh ann maidir le clásal sóisialta i gcomhréir le Coinbhinsiún C188 EIS le haghaidh oibrithe ón tír chomhpháirtíochta atá le fostú ag soithí de chuid an Aontais.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is é Airteagal 218(3) agus (4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) an bunús dlí don nós imeachta atá leis an gcinneadh. Is é Airteagal 43(2) CFAE an bunús dlí substainteach maidir leis an gComhbheartas Iascaigh.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Ní bhaineann le hábhar; is réimse é an beartas iascaigh ina bhfuil inniúlacht eisiach ag an Aontas.

- **Comhréireacht**

Tá an cinneadh comhréireach leis an gcuspóir creat rialachais dlíthiúil, comhshaoil, eacnamaíoch agus sóisialta a bhunú le haghaidh gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanann soithí de chuid an Aontais in uiscí tríú tír, i gcomhréir le hAirteagal 31 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 lena mbunaítear an Comhbheartas Iascaigh.

- **An rogha ionstraime**

Déantar foráil maidir leis an ionstraim faoi Airteagal 218(3) CFAE.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

In 2025 rinne an Coimisiún meastóireacht *ex post* ar an bPrótacal Cur Chun Feidhme atá ann faoi láthair a ghabhann leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh le hOileán Mhuirís, chomh maith le meastóireacht *ex ante* ar athnuachan fhéideartha an Chomhaontaithe agus an Phrótacail atá ann faoi láthair. Leagtar amach conclúidí na meastóireachta i nDoiciméad Inmheánach Oibre ar leith.

Ba é an chonclúid ón meastóireacht go bhfuil leas mór ag earnálacha iascaireachta an Aontais iascaireacht a dhéanamh in Oileán Mhuirís agus gur chun leas an dá pháirtí é caibidlíocht a dhéanamh maidir le Comhaontú nua, mar aon le Prótacal Cur Chun Feidhme a ghabhfaidh leis. Cuirtear i dtábhacht sa tuarascáil mheastóireachta freisin go bhfuil neamhréireacht sa Phrótacal is déanaí idir an líon deiseanna iascaireachta a thairgtear agus úsáid na ndeiseanna sin. Aon Phrótacal a bheidh ann amach anseo, ba cheart go laghdófaí leis an líon deiseanna iascaireachta a thairgtear, agus ba cheart go mbeadh laghdú dá réir sin ar an ranníocaíocht airgeadais faoin bPrótacal. Thairis sin, ach an Prótacal a athnuachan, chuideofaí le faireachán, rialú agus faireachas a neartú agus le feabhas a chur ar rialachas an iascaigh sa réigiún.

Ó thaobh an Aontais de, tá sé tábhachtach ionstraim a choinneáil ar bun lena gceadaítear comhar domhain earnálach le hOileán Mhuirís, atá ina ghníomhaí straitéiseach sa réigiún mar gheall ar an limistéar iascaireachta atá faoina dhlínse, agus atá ina chomhghuaillí tábhachtach faoi chuimsiú IOTC. A mhéid a bhaineann le straitéisí saothraithe chabhlach an Aontais, ciallaíonn sé sin rochtain a choinneáil ar bun ar limistéar tábhachtach iascaireachta faoi chreat dlíthiúil ilbhliantúil idirnáisiúnta. Thairis sin, cuireann tábhacht Oileán Mhuirís i dtaca le tuinníní a ghabhtar san Aigéan Indiach a phróiseáil agus a onnmhairiú chuig an Aontas le hábharthacht an Phrótacail nua atá beartaithe, le haghaidh Oileán Mhuirís agus le haghaidh thionscal iascaireachta an Aontais araon. I gcás údaráis Oileán Mhuirís, bheadh an caidreamh leanúnach leis an Aontas ina chuidiú freisin chun rialachas na n-aigéan a neartú, mar gheall ar thacaíocht thiomnaithe an Aontais lena ndéantar foráil maidir le deiseanna cistiúcháin ilbhliantúla le haghaidh na hearnála sin.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Mar chuid den mheastóireacht, chuathas i gcomhairle leis na Ballstáit, le hionadaithe tionscail, le heagraíochtaí idirnáisiúnta sochaí sibhialta, agus le riarachán iascaigh agus sochaí shibhialta Oileán Mhuirís. Chuathas i gcomhairle le páirtithe leasmhara freisin faoi chuimsiú chruinnithe na Comhairle Comhairlí Fad-Achair.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Neamhbhainteach.

- **Measúnú tionchair**

Neamhbhainteach.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Neamhbhainteach.

- **Cearta bunúsacha**

Sna treoracha caibidlíochta, a mholtar mar iarscríbhinn a ghabhfaidh leis an gcinneadh, tá clásal maidir le hiarmhairtí sáruithe ar chearta an duine agus ar phrionsabail dhaonlathacha.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Bheadh ranníocaíocht airgeadais a d'íocfaí le hOileán Mhuirís ina cuid den Phrótacal Cur Chun Feidhme nua. Is gá na leithdháiltí buiséadacha gaolmhara (leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí) a chur san áireamh gach bliain sa líne bhuiséid le haghaidh CCIInna (08 05 01) agus is gá iad a bheith comhoiriúnach le clárú airgeadais an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil[4] le haghaidh 2021–2027. Bunaítear méideanna bliantúla na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí mar chuid den nós imeachta buiséadach bliantúil, lena n-áirítear an líne chúltaca le haghaidh prótacail nach raibh tagtha i bhfeidhm ag tús na bliana[5].

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Meastar go gcuirfear tús leis an gcaibidlíocht ag tús an dara ráithe de 2026.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Molann an Coimisiún an méid seo a leanas:

Go n-údarófaí an Chomhairle an Coimisiún le tús a chur le próiseas caibidlíochta ar mhaithe le Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe nua, agus Prótacal Cur Chun Feidhme a ghabhfaidh leis, le hOileán Mhuirís a shíniú agus a thabhairt i gcrích;

go n-ainmneofaí an Coimisiún mar idirbheartaí an Aontais i dtaobh an ábhair sin;

go ndéanfadh an Coimisiún an chaibidlíocht i gcomhairle leis an gcoiste speisialta, mar a leagtar amach sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh;

go ndíreodh an Chomhairle na treoracha caibidlíochta atá i gceangal leis an Moladh seo chuig an gCoimisiún.

---

4 Airteagal 20 de Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais, agus maidir le hacmhainní dílse nua, lena n- áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach (IO L 433I, 22.12.2020, lgh. 28–46) eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=OJ:L:2020:433I:FULL

5 Caibidil 40 (líne chúltaca 30 02 02) i gcomhréir le comhaontú idirinstitiúideach CAI (2013/C 373/01).

Moladh le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht thar ceann an Aontais Eorpaigh chun Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe, agus Prótacal Cur Chun Feidhme a ghabhfaidh leis, idir an tAontas Eorpach agus Oileán Mhuirís a thabhairt i gcrích**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(2), i gcomhar le hAirteagal 218(3) agus (4),de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

De bhrí gur cheart tús a chur leis an gcaibidlíocht le hOileán Mhuirís d'fhonn Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe nua, agus Prótacal Cur Chun Feidhme a ghabhfaidh leis, a thabhairt i gcrích,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, údaraítear an Coimisiún le Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe nua, mar aon le Prótacal Cur Chun Feidhme a ghabhfaidh leis, a chaibidliú le hOileán Mhuirís thar ceann an Aontais.

*Airteagal 2*

Leagtar amach na treoracha caibidlíochta san Iarscríbhinn.

*Airteagal 3*

Déanfar an chaibidlíocht i gcomhairle le Meitheal na Comhairle um an mBeartas Seachtrach Iascaigh.

*Airteagal 4*

Is chuig an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*